# An Comhshocrú um an Tuath a chur i ngníomh sna Ballstáit

Seisiún Faisnéise maidir le Beartas

Meán Fómhair 2023

An fhaisnéis agus na dearcthaí a leagtar amach sa doiciméad seo, is le húdar/húdair an doiciméid iad agus ní gá gurb ionann iad agus tuairim oifigiúil an Choimisiúin Eorpaigh. Ní ráthaíonn an Coimisiún cruinneas aon sonraí a áirítear, ná ní féidir é a bheith freagrach as an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an bhfaisnéis atá san fhoilseachán seo.



Funded by the European Union

## Clár

**1 Réamhrá ..................................................................................................1**

**2 Cén fáth a bhfuil gá leis an gComhshocrú um an Tuath?.......................................1**

**3 Bunghnéithe den Chomhshocrú um an Tuath.......................................................2**

3.1 Struchtúir agus sásraí chun dul i mbun plé le pobail tuaithe ..................................3

3.2 Comhalta rialtais ainmnithe agus seirbhísí tiomnaithe chun déileáil le saincheisteanna tuaithe ar fud na mbeartas ..................................5

3.3 Forbairt acmhainne agus tacaíocht le líonrú do réimse leathan páirtithe leasmhara..................5

3.4 Fís réamhbhreathnaitheach arna cur chun feidhme trí straitéis/plean gníomhaíochta iomlánaíoch..................................6

3.5 Promhadh leas na tuaithe éifeachtach agus córais sonraí leordhóthanacha..................7

3.6 Córais rialachais iomchuí chun comhordú a éascú..................................8

3.7 Sásraí chun leithdháileadh an chistithe a chomhordú agus sineirgí a áirithiú ..................9

Funded by the European Union

## 1 Réamhrá

Leagtar amach sa seisiún faisnéise seo maidir le beartas na príomheilimintí, nó na bunghnéithe, a bhfuil gá leo chun páirtithe leasmhara a shlógadh maidir leis an gComhshocrú um an Tuath agus chun gníomhaíocht chomhbheartaithe a chothú chun cuspóirí na físe fadtéarmaí le haghaidh cheantair thuaithe an Aontais a bhaint amach i gcomhthéacs sonrach gach Ballstáit nó réigiúin. Cuirtear i láthair ann freisin roinnt samplaí den bhealach ar féidir na heilimintí sin a chur i bhfeidhm. Tá an foilseachán seo beartaithe go príomha d'údaráis phoiblí ar an leibhéal náisiúnta (agus ar an leibhéal réigiúnach sna Ballstáit ina bhfuil cumhachtaí reachtacha nó clársceidealaithe ag údaráis réigiúnacha), d'eagraíochtaí sochaí sibhialta (go háirithe iad siúd a bhfuil baint acu le ceapadh beartas nó abhcóideacht), do thaighdeoirí, d'eagraíochtaí gnó agus do pháirtithe leasmhara eile a bhfuil leas acu i mbeartais tuaithe.



**Má tá tú ag cuimhneamh ar conas an Comhshocrú um an Tuath a chur i gcrích i do thír nó i do réigiún, is duitse an seisiún faisnéise seo!**

## 2 Cén fáth a bhfuil gá leis an gComhshocrú um an Tuath?

Mar a chuir Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh Ursula von der Leyen i dtábhacht, tá ceantair thuaithe **fíor-riachtanach** d'fhéiniúlacht agus do dhea-bhail na hEorpa. Tá ról tábhachtach acu freisin chun aghaidh a thabhairt ar **dhúshláin** ollmhóra shóisialta agus chomhshaoil. Chun go mbeidh rath ar cheantair thuaithe, tá gá le **hiarracht chomhordaithe** ó réimse leathan gníomhaithe agus páirtithe leasmhara ar leibhéil éagsúla rialachais.

In 2021, tar éis machnamh agus comhairliúchán forleathan comhpháirteach leis na páirtithe leasmhara, d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach teachtaireacht maidir leis an **bhfís fhadtéarmach le haghaidh cheantair thuaithe an Aontais** (LTVRA). Forbraíodh **plean gníomhaíochta um an tuath** chun an fhís sin a chur i gcrích bunaithe ar 9 dtionscnamh shuaitheanta, 15 ghníomhaíocht a ghabhann leo agus 6 ghníomhaíocht chothrománacha, lena léirítear tiomantas an Choimisiúin do cheantair thuaithe níos láidre, níos athléimní, níos nasctha agus níos rathúla faoi 2040. Ceann de na gníomhaíochtaí cothrománacha sin is ea **Comhshocrú um an Tuath** a mholadh – sásra chun gníomhaíocht a spreagadh

### Cuspóirí an Chomhshocraithe um an Tuath

ó na páirtithe leasmhara ábhartha agus na leibhéil rialachais uile a d'fhéadfadh cuidiú chun an fhís fhadtéarmach a bhaint amach agus chun rannpháirt a thabhairt dóibh.



Guth na gceantar tuaithe a mhéadú agus iad a tharraingt suas i gcláir oibre beartais



Líonrú, comhar & foghlaim fhrithpháirteach



Gealltanais chun gníomhú



Funded by the European Union

I mí an Mheithimh 2023, bhunaigh an Coimisiún Eorpach an Grúpa Comhordaithe don Chomhshocrú um an Tuath, ar grúpa é atá comhdhéanta de phríomhpháirtithe leasmhara tuaithe, chun próiseas an Chomhshocraithe um an Tuath a stiúradh sna 3 bliana amach romhainn, arna chomhordú ag Ard-Stiúrthóireacht na Talmhaíochta agus na Forbartha Tuaithe, agus Ard-Stiúrthóireacht an Bheartais Réigiúnaigh agus Uirbigh ina comhcheannaire air. Bhunaigh an Coimisiún an Oifig Tacaíochta don Chomhshocrú um an Tuath freisin chun an comhshocrú a bheochan agus chun cuidiú leis an bpobal a chuspóirí a bhaint amach trí phríomhchúraimí a chur chun feidhme. Áirítear orthu sin imeachtaí a eagrú, dea-chleachtais a bhailiú agus a scaipeadh, iarrachtaí a chomhordú le líonraí beartais eile de chuid an Aontais, tacú le hardán pobail an Chomhshocraithe um an Tuath, Irisleabhar na Físe don Tuath, nuachtlitir agus faisnéisithe beartais a tháirgeadh, agus an suíomh gréasáin agus cainéil na meán sóisialta a bhainistiú. Déantar na gníomhaíochtaí uile ar leibhéal an Aontais a dhearadh agus a chur i gcrích le rannpháirtíocht láidir ó pháirtithe leasmhara. Chun torthaí a bhaint amach, áfach, ní mór an **Comhshocrú um an Tuath a leathadh níos faide ná leibhéal an Aontais agus páirtithe leasmhara ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil a shroicheadh.** Tá údaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla freagrach as roinnt mhaith gníomhaíochtaí beartais a mbíonn tionchar acu ar cheantair thuaithe, lena n-áirítear roghanna maidir le conas a úsáidtear cistí an Aontais. Tá róil thábhachtacha ag páirtithe leasmhara eile, amhail eagraíochtaí sochaí sibhialta, maidir le beartais a mhúnlú agus a chur chun feidhme. Ní féidir an fhís fhadtéarmach a bhaint amach ach amháin lena rannpháirtíocht ghníomhach. Thairis sin, ní ar ghníomhaithe a bhfuil baint acu go hiondúil leis an talmhaíocht agus leis an bhforbairt tuaithe amháin a bhraitheann dea-bhail agus slite beatha i gceantair thuaithe – go háirithe iad siúd a bhfuil srianta sonracha orthu amhail réigiúin shléibhtiúla, oileánacha nó trasteorann. Tá ról le himirt ag údaráis phoiblí (e.g. iad siúd atá freagrach as oideachas, sláinte, iompar agus seirbhísí eile, fuinneamh, an comhshaol nó bonneagar digiteach), gníomhaithe beartais uirbigh, gnólachtaí agus taighdeoirí freisin.

De réir riachtanas agus cultúir eagraíochtúla ar fud an Aontais, déantar iarrachtaí chun comhshocruithe um an tuath a bhunú ar leibhéil éagsúla (náisiúnta, réigiúnach, áitiúil) agus i bhfoirmeacha éagsúla. Tá sé tábhachtach nach bhfágfar **aon cheantar tuaithe san Aontas chun deiridh** agus gur féidir le gach ceantar tairbhiú den iarracht chomhordaithe chun iad a dhéanamh níos láidre, níos athléimní, níos nasctha agus níos rathúla. Chuige sin, páirtithe leasmhara a bhfuil suim acu i gceantair thuaithe an Aontais, ba cheart dóibh páirt a ghlacadh i bPobal an Chomhshocraithe um an Tuath ar leibhéal an Aontais, chomh maith le céimeanna praiticiúla a dhéanamh ina réimse gníomhaíochta féin, agus na bealaí is fearr a lorg chun **an Comhshocrú um an Tuath a aistriú ina gcomhthéacsanna náisiúnta, réigiúnacha nó áitiúla.**. Tacóidh gníomhaíochtaí den sórt sin ar leibhéil éagsúla lena chéile agus cuideoidh siad chun an fhís fhadtéarmach a athrú ina straitéis choincréiteach as a dtiocfaidh torthaí praiticiúla, mar a d'iarr páirtithe leasmhara ag an bhFóram Ardleibhéil um Beartas Tuaithe a reáchtáladh in Sigüenza (an Spáinn).

## 3 Bunghnéithe den Chomhshocrú um an Tuath

I bhfad sular forbraíodh an LTVRA, bhí struchtúir rialachais i bhfeidhm ag roinnt Ballstát (e.g. an Fhionlainn) lenar cumasaíodh beartais tuaithe chomhordaithe agus chuimsitheacha ar fud réimsí téamacha éagsúla, cosúil leis an méid a mholtar leis an gComhshocrú um an Tuath; tá tús curtha ag tíortha eile le tionscnaimh chomhchosúla a chur chun feidhme níos déanaí, ar tionscnaimh iad a spreag treochtaí diúltacha amhail dídhaonrú tuaithe, meath eacnamaíoch agus míshástacht, nó chun deiseanna


Funded by the European Union

a cruthaíodh le cistiú Eorpach a thapú (mar shampla, an Spáinn agus an tSeicia). Bunaithe ar an taithí atá acu, agus ar an bpróiseas LTVRA ar leibhéal an Aontais, tá roinnt **eilimintí is féidir leis na Ballstáit a chur chun feidhme agus a chuireann le cuspóirí an Chomhshocraithe um an Tuath** ar an leibhéal náisiúnta nó réigiúnach. Comhlánaíonn na heilimintí sin an 11 Phrionsabal ECFE maidir le Beartas Tuaithe agus áirítear leo an méid seo a leanas:

- Struchtúir agus sásraí chun dul i mbun plé le pobail tuaithe;
- Comhalta rialtais ainmnithe agus seirbhísí tiomnaithe chun déileáil le saincheisteanna tuaithe ar fud na mbeartas;
- Forbairt acmhainne agus tacaíocht le líonrú do réimse leathan gníomhaithe agus páirtithe leasmhara;
- Fís réamhbhreathnaitheach, arna cur chun feidhme trí straitéis/plean gníomhaíochta iomlánaíoch;
- Promhadh leas na tuaithe éifeachtach agus córais sonraí leordhóthanacha;
- Córais rialachais iomchuí chun comhordú a éascú; agus
- Sásraí chun leithdháileadh an chistithe a chomhordú agus sineirgí a áirithiú.

Nuair a chuirtear na nithe sin uile le chéile, is bunghnéithe iad de Chomhshocrú rathúil um an Tuath. Is féidir na **réitigh aonair a oiriúnú** don chomhthéacs náisiúnta, lena n-áirítear creataí sonracha dlíthiúla agus riaracháin, foinsí cistiúcháin, cultúr eagraíochtúil agus cumais na bpáirtithe leasmhara.

## 3.1 Struchtúir agus sásraí chun dul i mbun plé le pobail tuaithe

Ní féidir athrú tuaithe a bhaint amach gan rannpháirtíocht láidir na bpobal tuaithe. Aithnítear gur mó i bhfad an seans go n-éireoidh le beartais a dheartar agus a chuirtear chun feidhme ar bhealach rannpháirteach ná na cuir chuige ó bharr anuas. Is amhlaidh an cás i gcás ceantair thuaithe go háirithe. Le rannpháirtíocht den sórt sin, ní mór dul níos faide ná comhairliúcháin ócáideacha: ba cheart í a bheith **tráthrialta, córasach agus rannpháirtíocht ionadaíoch** na bpáirtithe leasmhara is mó lena mbaineann a áirithiú. Tá sé tábhachtach freisin go mbeadh na páirtithe leasmhara sin rannpháirteach sa **phróiseas beartais iomlán**, idir choincheapadh agus cheapadh beartais agus dréachtú reachtaíochta, cur chun feidhme agus meastóireacht a dhéanamh ar na torthaí.



Funded by the European Union

Chuige sin, tá gá le sásraí sonracha, arna gcur in oiriúint d'acmhainneachtaí agus d'infhaighteacht ionadaithe na bpobal tuaithe, chomh maith le gníomhaíochtaí lena gcothaítear plé oscailte (e.g. díospóireachtaí agus ceardlanna). Is iomaí formáid is féidir a úsáid: mar shampla, struchtúir sách foirmiúil amhail meithleacha nó coistí comhordaithe a bhfuil baint ag cineálacha éagsúla gníomhaithe leo (e.g. an Chomhairle um Beartas Tuaithe san **Fhionlainn**); nó imeachtaí chun cuidiú chun riachtanais pobal tuaithe a cheapadh agus a chur in iúl, chomh maith le feasacht agus léirthuiscint ar cheantair thuaithe a mhúscailt i measc an phobail i gcoitinne. Is féidir ról tábhachtach a bheith ag líonraí atá ann cheana a bhfuil naisc dhíreacha acu le pobail tuaithe. D'fhéadfaí é sin a dhéanamh, mar shampla, faoi chuimsiú **pharlaimintí náisiúnta na tuaithe**, a chuireann ar a gcumas do phobail tuaithe agus d'eagraíochtaí sochaí sibhialta idirphlé a bhunú le lucht ceaptha beartas (féach an sampla ón **Laitvia**). Eagraíodh parlaimintí tuaithe den sórt sin i roinnt mhaith Ballstát (e.g. an Eastóin, an Chróit, an Laitvia, an Liotuáin, an Ungáir, an Ísiltír, an Rómáin, an tSlóvaic, an Fhionlainn, an tSualainn) chomh maith le tíortha comharsanacha (an Albáin, Albain sa Ríocht Aontaithe, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin); cuirtear a gconclúidí i láthair ag cruinnithe débhliantúla Pharlaimint Eorpach na Tuaithe.

**Parlaimint na tuaithe sa Laitvia**

Fóram Tuaithe na Laitvia (ar eagraíocht náisiúnta é a thugann príomhpháirtithe leasmhara na sochaí sibhialta san fhorbairt tuaithe le chéile), eagraíonn sé Parlaimint Phobail Thuaithe na Laitvia gach 2 bhliain. In 2023 rinneadh thart ar 300 ionadaí ó údaráis áitiúla agus réigiúnacha, ó ghnólachtaí, ó lucht ceaptha beartas (lena n-áirítear an aireacht talmhaíochta, an aireacht cosanta comhshaoil agus forbartha réigiúnaí, agus an aireacht leasa), ó lucht acadúil, ó ghairmithe forbartha tuaithe agus ó dhíograiseoirí a thabhairt le chéile leis an imeacht sin. Rinne na rannpháirtithe a dtaithí a mhalartú agus forbraíodh rún chun feidhmiú mar threochlár do gach cinneadh maidir le ceantair thuaithe ar feadh an chéad 2 bhliain eile.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil féach anseo.

*Lidija Pavić-Rogošić, Comhalta de CESE, ODRAZ – Forbairt Pobail Inbhuanaithe (HR):*

'Is mithid nach amháin go nglacfar an Fhís Fhadtéarmach d'Eoraip na Tuaithe ach go gcuirfear chun feidhme í. Chuige sin, tá gá le hathrú intinní, le tuiscint níos fearr ar cheantair thuaithe, chomh maith le **cuir chuige áitbhunaithe agus le níos mó muiníne as na daoine áitiúla**. Ba cheart dúinn imeacht ó bheartas neamhchomhtháite agus féachaint ar cheantair thuaithe ar bhealach cuimsitheach.'



Funded by the European Union

## 3.2 Comhalta rialtais ainmnithe agus seirbhísí tiomnaithe chun déileáil le saincheisteanna tuaithe ar fud na mbeartas

De ghnáth, is faoi chúram aireachta rialtais a thagann an fhorbairt tuaithe; is minic a bhíonn sí ag déileáil leis an talmhaíocht, leis an bhforaoiseacht agus/nó leis an ngeilleagar bia freisin. Mar sin féin, maidir le cinntí a dhéanann comhlachtaí atá i gceannas ar fhorbairt eacnamaíoch agus réigiúnach, ar oideachas, ar shláinte agus ar iompar, is féidir tionchar comhionann nó níos mó a bheith acu ar shaol na tuaithe. Tá ceannaireacht láidir ag teastáil chun a áirithiú go dtéann na seirbhísí sin uile i gcomhar lena chéile chun go mbeadh tionchar dearfach acu ar cheantair thuaithe, agus tá sé ríthábhachtach go mbeadh **comhalta rialtais ainmnithe i gceannas ar shaincheisteanna tuaithe** chun go mothódh muintir na tuaithe go n-éistear leo. Trí sheirbhís speisialta a bhunú chun déileáil le cúrsaí tuaithe, d'fhéadfaí cuidiú freisin chun feasacht a mhúscailt maidir le tábhacht na gceantar tuaithe i measc na gcomhlachtaí rialtais ábhartha agus gníomhaíocht chomhordaithe a éascú. Is féidir teacht ar réitigh spreagúla sna samplaí ó **Éirinn** agus ón **bhFionlainn**.

**Comhairle um Beartas Tuaithe na Fionlainne**

Tá sé aitheanta le fada ag an bhFionlainn nach mór do gach institiúid a mbíonn tionchar ag a gcinntí ar an saol laethúil agus ar an bhfiontraíocht i gceantair thuaithe a bheith rannpháirteach i mbeartas tuaithe. Dá bhrí sin, forbraíodh struchtúr chun iad a thabhairt le chéile agus chun comhar a áirithiú: Comhairle um Beartas Tuaithe na Fionlainne. Tá sé sin ceangailte le rialtas na Fionlainne, agus is iondúil go roinneann an tAire Talmhaíochta agus an tAire Gnóthaí Eacnamaíocha agus Fostaíochta feidhmeanna an chathaoirligh agus an leaschathaoirligh. Is é an rialtas a cheapann na 34 chomhalta agus déanann siad ionadaíocht ar aireachtaí, ar ghníomhaireachtaí, ar an earnáil phríobháideach agus ar eagraíochtaí sochaí sibhialta. Faigheann siad tacaíocht ó rúnaíocht arna bainistiú ag an ard-rúnaí, agus ionadaíocht á déanamh ag triúr leas-ard-rúnaithe ar an earnáil phoiblí, ar an tsochaí shibhialta agus ar chomhlachtaí taighde. Déantar an chuid is mó d'obair na Comhairle i líonraí téamacha.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil féach anseo.

Is féidir le seirbhís thiomnaithe den chineál sin feidhmiú mar an chéad phointe éilimh do pháirtithe leasmhara chun smaointe a roinnt nó ábhair imní a chur in iúl faoi shaincheisteanna tuaithe. Go hidéalach, ba cheart foireann a bheith aici ina mbeadh daoine a thuigeann agus a dhéanann cumarsáid mhaith le páirtithe leasmhara tuaithe éagsúla agus ranna riaracháin éagsúla agus a bhfuil taithí acu ar earnálacha eile sa gheilleagar nó sa tsochaí shibhialta.

*Radim Sršeň, an Leas-Aire Gnóthaí Réigiúnacha (CZ):*

'Ag féachaint ar thíreolaíocht na míshástachta, ní mór dúinn stopadh ag caint agus tosú ag gníomhú! Ní mór an Comhshocrú um an Tuath agus tionscnaimh amhail promhadh leas na tuaithe a chur i gcrích **ní hamháin ar leibhéal an Aontais ach ar leibhéal na mBallstát, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil freisin**. Tá gá le cur chuige iomlánaíoch, agus níos lú maorlathais ag gabháil leis.'

## 3.3 Forbairt acmhainne agus tacaíocht le líonrú do réimse leathan páirtithe leasmhara

Tá rannpháirtíocht páirtithe leasmhara tuaithe fíor-riachtanach chun athrú tuaithe a bhaint amach. Mar sin féin, chun bheith rannpháirteach sa Chomhshocrú um an Tuath, d'fhéadfadh tacaíocht ó eagraíochtaí idirmheánacha a bheith ag teastáil ó roinnt mhaith díobh. Is féidir leo sin míniúcháin, spreagadh agus deiseanna plé a sholáthar, chomh maith lena chur ar a gcumas do dhaoine taithí a mhalartú agus tuairimí agus seasaimh a cheapadh. D'fhéadfadh tábhacht ar leith a bheith ag baint leis an gcineál sin tacaíochta d'áitritheoirí sráidbhailte beaga iargúlta, feirmeoirí beaga, micrifhiontraithe, mná agus ionadaithe don óige. Ag tosú le muinín a chothú agus príomhchoincheapa a mhíniú i dteanga shimplí, forbairt scileanna agus oiliúint spriocdhírithe, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le **hiarracht chórasach fhadtéarmach** chun



Funded by the European Union

rannpháirt a thabhairt do na 'hamhrastaigh neamhghnácha' sin. D'fhéadfadh sé a bheith ríthábhachtach buiséad a sholáthar chun costais taistil chuig cruinnithe a chumhdach, go háirithe i mBallstáit mhóra (amhail **an tSualainn**, féach an sampla). Chomh maith le tacaíocht a thabhairt don líonrú agus don rannpháirtíocht, tá sé tábhachtach freisin a áirithiú gur féidir le gníomhaithe tuaithe rochtain a fháil ar chistiú agus tionscadail a chuireann le LTVRA a chur chun feidhme ar an leibhéal áitiúil. Is féidir le hionaid ilfhreastail pobail tuaithe a neartú agus a athbheochan trí bheochan, comhairle, líonrú agus cuidiú chun riachtanais chistiúcháin a chomhlíonadh. Tá an tacaíocht sin á soláthar cheana féin ag roinnt mhaith grúpaí gníomhaíochta áitiúla LEADER, ach is féidir léi teacht ó sheirbhísí speisialaithe freisin (mar atá i sampla **na Stát Aontaithe**).

**'Todhchaí Cheantair Thuaithe hÉireann' in Éirinn**

Tá an straitéis forbartha fhadtéarmach náisiúnta Tionscadal Éireann 2040 mar bhonn taca faoi bheartas cuimsitheach na hÉireann le haghaidh ceantair thuaithe agus tá an beartas sin bunaithe ar an bhfís d'Éirinn na tuaithe a bhfuil rath uirthi atá ina cuid dhílis de dhea-bhail agus d'fhorbairt náisiúnta eacnamaíoch, shóisialta, chultúrtha agus comhshaoil.

Chun é sin a bhaint amach, dearadh sraith chuimsitheach de bhearta beartais, agus roinn rialtais ar leith i ngach ceann acu atá freagrach as a chur chun feidhme. Is í an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail a chomhordaíonn an próiseas agus is é an tAire atá i gceannas air, agus is é an Coiste Comh-Aireachta um Théarnamh Eacnamaíoch agus Infheistíocht, faoi chathaoirleacht an Phríomh-Aire, a dhéanann faireachán ar an dul chun cinn.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil féach anseo.

**Rannpháirt a thabhairt do pháirtithe leasmhara tuaithe sa tSualainn agus a n-acmhainne a fhorbairt**

Éascaíonn an Gréasán Náisiúnta Tuaithe rannpháirtíocht páirtithe leasmhara i gcúrsaí tuaithe sa tSualainn. Páirtithe leasmhara tuaithe náisiúnta agus réigiúnacha (cé acu a chuireann nó nach gcuireann siad an comhbheartas talmhaíochta chun feidhme), moltar dóibh iarratas a dhéanamh ar bhallraíocht fhoirmiúil agus gealltanas a dhéanamh go mbeidh siad rannpháirteach go gníomhach i meithleacha téamacha, agus is féidir leo gníomhú mar idirghabhálaithe a chuidíonn chun an t-idirphlé beartais a aistriú go dtí an leibhéal áitiúil. Chun rannpháirtíocht gníomhaithe sochaí sibhialta a éascú, tá cistiú ag an nGréasán Náisiúnta Tuaithe le haghaidh costais taistil, agus táillí fiú (le haghaidh saorálaithe).

Chun tuilleadh faisnéise a fháil féach anseo.

**Cuidiú le pobail tuaithe rochtain a fháil ar fhaisnéis agus ar chistiú**

Sna Stáit Aontaithe, téann gníomhaireachtaí agus coimisiúin fheidearálacha atá freagrach as saincheisteanna tuaithe i gcomhar le chéile chun a áirithiú go mbeidh rochtain chothrom ag pobail tuaithe ar chistiú feidearálach. Soláthraíonn siad saineolas freisin chun cuidiú leis na pobail sin tosaíochtaí áitiúla a shoiléiriú agus iarratas a dhéanamh ar chistiú le haghaidh cruthú fostaíochta, bonneagair agus feabhsuithe pobal.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil féach anseo.

Chun feasacht na dtairbhithe tuaithe ar na cistí Eorpacha ábhartha a mhúscailt, scaoilfidh an Coimisiún Eorpach sraith straitéisí faoi dheireadh 2023 maidir le deiseanna cistithe ón Aontas le haghaidh ceantair thuaithe. Déanfar leis sin faisnéis a lárú in aon áit amháin a mbeidh rochtain ag údaráis áitiúla, páirtithe leasmhara, ceannairí tionscadail agus údaráis bhainistíochta uirthi, rud a chuideoidh leo an leas is fearr is féidir a bhaint as deiseanna nua a thairgtear le buiséad 2021-2027 an Aontais.

## 3.4 Fís réamhbhreathnaitheach arna cur chun feidhme trí straitéis/plean gníomhaíochta iomlánaíoch

Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá roimh cheantair thuaithe, ní mór fís shoiléir a bheith ag cinnteoirí a threoraíonn an treoir atá le saothrú go fadtéarmach. Pobail tuaithe agus iad siúd atá ag iarraidh infheistíocht a dhéanamh, socrú síos nó oibriú i gceantair thuaithe, go háirithe daoine óga, ní mór dóibh a bheith ar an eolas go leanfaidh tacaíocht bheartais de bheith ar fáil go ceann blianta fada.



Funded by the European Union

Chuige sin, tá gá le comhaontú forleathan i measc grúpaí polaitiúla agus na sochaí sibhialta (lena n-áirítear eagraíochtaí tuaithe agus uirbeacha), feirmeoirí, FBManna, an óige agus gníomhaithe eacnamaíocha agus sóisialta éagsúla; d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le forálacha éifeachtacha maidir le bainistiú coinbhleachta freisin. A bhuí le comhdhearcadh agus rannpháirtíocht na bpríomhsheirbhísí rialtais, is féidir **leanúnachas fadtéarmach** a áirithiú agus acmhainní leordhóthanacha – idir acmhainní daonna, acmhainní institiúideacha agus acmhainní airgeadais – a áirithiú chun fís a fhíorú.

**Clár *France Ruralités***

Agus é ag tógáil ar chur chun feidhme a chéad chláir oibre náisiúnta um an tuath, sheol rialtas na Fraince clár cuimsitheach in 2023 chun borradh a chur faoi cheantair thuaithe. Tá ceithre cholún i gceist leis sin: tacaíocht theicniúil do thionscadail infheistíochta le haghaidh bardas, cistiú méadaithe don bhithéagsúlacht chun luach a chur ar shócmhainní comhshaoil tuaithe, réitigh phraiticiúla don saol laethúil (soghluaisteacht, oideachas, sláinte, cultúr, tithíocht, etc.), agus córas nua chun limistéir athbheochana tuaithe a dhearadh, ar limistéir iad a thairbhíonn d'fhaoiseamh cánach. Eilimint thábhachtach den chlár is ea 'tríú háiteanna' a chur chun cinn chun nuálaíocht chomhchoiteann a chothú.

Ba iad an Príomh-Aire, an tAire um an Aistriú Éiceolaíoch agus um Chomhtháthú Críochach, agus an Leas-Aire atá i gceannas ar údaráis áitiúla agus gnóthaí tuaithe a sheol an clár i gcomhpháirt. Déanfar faireachán ar thorthaí trí tháscairí amhail an céatadán de thithe tuaithe atá folamh, an líon gnólachtaí tuaithe nua agus an céatadán de shaoránaigh a mheasann gur áit mhaith chónaithe iad ceantair thuaithe.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil féach anseo (in FR).

Tá straitéis ilearnálach iomlánaíoch fíor-riachtanach freisin chun an fhís a fhíorú. Ós rud é nach mór déileáil le dúshláin iomadúla chasta le beartais tuaithe, ní bhíonn idirghabhálacha ilroinnte éifeachtach; agus iarracht a dhéanamh aghaidh a thabhairt ar shaincheist amháin nó tacú le spriocghrúpa amháin, d'fhéadfadh sé sin a bheith gan tairbhe fiú. Cuidíonn cur chuige iomlánaíoch agus comhtháite chun na gnéithe sóisialta, eacnamaíocha agus comhshaoil a bhaineann le saol na tuaithe a chur san áireamh, ar gnéithe iad atá idirnasctha i roinnt mhaith cásanna (féach an sampla ón **bhFrainc**). D'fhéadfadh comhshocrú náisiúnta nó réigiúnach um an tuath a bheith ar an gcéad chéim chun sraitheanna beartais éagsúla a thabhairt le chéile agus chun **léargas níos forleithne agus níos comhtháite** ar cheantair thuaithe a éascú. Ba cheart an méid sin a aistriú ina **chéimeanna praiticiúla** lena gcruthófaí plean gníomhaíochta comhleanúnach, lena léireofaí go soiléir cé na cúraimí atá ar cén grúpa agus conas is féidir faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn.

## 3.5 Promhadh leas na tuaithe éifeachtach agus córais sonraí leordhóthanacha

Ós rud é go mbíonn tionchar ag líon mór cinntí reachtacha agus riaracháin ar cheantair thuaithe, tá gá le sásra chun na tionchair dhearfacha a uasmhéadú agus teorainn a chur leis na tionchair dhiúltacha. Is éard atá i gceist le promhadh leas na tuaithe sásra lena sainaithnítear na tionchair a bhíonn ag rialacháin, pleananna nó cláir nua ar cheantair thuaithe agus lena ndéantar measúnú ar na nithe sin. Chun go mbeadh rath air, ní mór é a chomhtháthú sa **chóras rialachais** ina iomláine agus é a chur in oiriúint do struchtúr riaracháin sonrach tíre/réigiúin. Sa **Ríocht Aontaithe**, de réir Thuarascáil 2020 maidir le Promhadh Leas na Tuaithe, tá ceannaire um promhadh leas na tuaithe ainmnithe ag gach roinn rialtais arb é an ról atá aige tacú le promhadh leas na tuaithe ina réimse beartais. Tharraing an rialtas suas freisin treoraíocht phraiticiúil maidir le breithniú a dhéanamh ar thorthaí an bheartais i gceantair thuaithe. San **Fhionlainn**, comhtháthaítear promhadh leas na tuaithe i dtreoraíocht na hAireachta Dlí



Funded by the European Union

agus Cirt maidir le measúnú tionchair ar thograí reachtacha rialtais agus tá modhanna measúnúcháin so-úsáidte ag gabháil leis chomh maith le hoiliúint agus **múscailt feasachta do reachtóirí**. Tá creat anailíseach agus moltaí maidir le promhadh leas na tuaithe ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil ullmhaithe ag grúpa téamach ENRD um promhadh leas na tuaithe.

Chun measúnú a dhéanamh ar thionchar na gcinntí ar cheantair thuaithe, agus chun an dul chun cinn maidir le cur chun feidhme beartas agus straitéisí a thomhas, tá rochtain ar **shonraí ardchaighdeáin** fíor-riachtanach. Foilsíonn réigiún na Catalóine sa Spáinn leabhar cuimsitheach débhliantúil ina mbíonn staitisticí mionsonraithe faoina ceantair thuaithe. Úsáideann coiste stiúrtha na físe réigiúnaí don tuath na sonraí sin chun faireachán a dhéanamh ar thograí reachtacha nua agus chun measúnú a dhéanamh ar na tionchair i gceantair thuaithe. San Ungáir, leis an gCóras Faisnéise Náisiúnta um Fhorbairt Réigiúnach agus Pleanáil Spásúlachta (www.teir.hu) comhtháthaítear sonraí tuaithe ó fhoinsí éagsúla le modúl tiomnaithe LEADER a sholáthraíonn sonraí do ghrúpaí gníomhaíochta áitiúla agus do bhardais. Is féidir leis an bhFaireachlann um an Tuath, arna seoladh i mí na Nollag 2022 ag an gCoimisiún Eorpach, tacú le cinnteoireacht fhianaise-bhunaithe maidir le saincheisteanna tuaithe chun sonraí a bhaineann le ceantair thuaithe an Aontais a lárú, a anailísiú agus a scaipeadh.

## 3.6 Córais rialachais iomchuí chun comhordú a éascú

I bhfianaise a thábhachtaí atá sé go mbeadh roinnt mhaith gníomhaithe éagsúla beartais rannpháirteach san fhorbairt tuaithe, tá sé ríthábhachtach córas a bhunú lena n-éascófar comhordú, idir chomhordú **cothrománach** (e.g. idir aireachtaí earnálacha éagsúla) agus chóras **ingearach** (idir leibhéil rialachais éagsúla: an leibhéal náisiúnta, réigiúnach, foréigiúnach agus áitiúil). Le comhordú den sórt sin, ba cheart cuidiú chun dúbláil iarrachtaí nó gníomhaíochtaí contrártha a sheachaint agus sineirgí a chruthú. Ba cheart eagraíochtaí sochaí sibhialta, gnólachtaí agus comhpháirtithe sóisialta a bheith rannpháirteach i samhail rialachais il-leibhéil. Ba cheart sásraí agus dreasachtaí a chur i bhfeidhm chun a áirithiú go ndéantar cumarsáid thráthrialta idir seirbhísí agus leibhéil riaracháin éagsúla, agus nach mbíonn an comhar teoranta do mhalartú faisnéise amháin, ach go n-éascaíonn sé plé rannpháirtíoch oscailte agus pleanáil gníomhaíochtaí comhpháirteacha. Is féidir le cruinnithe tráthrialta de bhaill foirne atá freagrach as uirlisí beartais éagsúla a bheith fiúntach, go hidéalach i suíomh neamhfhoirmiúil, chun **muinín agus tuiscint choiteann** ar dhúshláin agus ar chuspóirí a chothú. Bíonn tábhacht mhór ag baint le freagrachtaí dea-shainithe maidir le cúraimí sonracha agus dlisteanacht láidir an chomhlachta atá i



Funded by the European Union

gceannas ar chomhordú freisin, mar a léirítear le sampla **na Spáinne**. Tá Comhairlí um Beartas Bia ag roinnt Ballstát a d'fhéadfadh a bheith ina samhail inspioráideach d'ardáin ilpháirtithe leasmhara.

**Dídhaonrú tuaithe a chomhrac in Castile-La Mancha**

In 2021, rith réigiún Castile-La Mancha sa Spáinn dlí speisialta maidir le bearta eacnamaíocha, sóisialta agus cánach chun an dídhaonrú a chomhrac agus chun ceantair thuaithe a fhorbairt. Ceannaireacht láidir ón leas-uachtarán réigiúnach, chomh maith le tacaíocht ó choimisinéir tiomnaithe don dúshlán déimeagrafach, bhí siad ríthábhachtach chun na ranna rialtais réigiúnacha uile (amhail talmhaíocht, oideachas, sláinte agus iompar) a shlógadh agus rannpháirt a thabhairt dóibh i bhforbairt an dlí agus i gcur chun feidhme straitéise réigiúnaí chun é a fhíorú.

Leis an straitéis sin cumhdaítear raon leathan gníomhaíochtaí agus slógtar EUR 3 322 mhilliún ó chistí réigiúnacha, náisiúnta agus AE, lena n-áirítear NextGenerationEU. Chun an straitéis a chomhordú, cruthaíodh an Chomhairle Réigiúnach um Fhorbairt na Timpeallachta Tuaithe agus an Comhrac in aghaidh Dídhaonrú le rannpháirtíocht ionadaithe ó gach roinn rialtais réigiúnach, comhairlí cúigeacha agus comhlachtaí áitiúla, chomh maith le príomhghníomhaithe socheacnamaíocha (e.g. ceardchumainn, gnó, ollscoileanna agus an tsochaí shibhialta).

*Albert Puigvert, Cumann na dTionscnamh Tuaithe sa Chatalóin (ES):*

'Tugtar le fios trí aghaidh a thabhairt ar dhúshláin tuaithe go bhforbrófar **beartais thrasnacha a thugann rannpháirt do gach leibhéal rialtais**. Sa Chatalóin, ba é an Comhshocrú um an Tuath an toradh ar phróiseas rannpháirtíoch, agus tá an tsochaí shibhialta, an rialtas agus an pharlaimint rannpháirteach ina rialachas.'

## 3.7 Sásraí chun leithdháileadh an chistithe a chomhordú agus sineirgí a áirithiú

Anuas ar dhea-chomhordú idir comhlachtaí éagsúla, chun tacaíocht éifeachtach a thabhairt do cheantair thuaithe, is gá **foinsí éagsúla cistiúcháin a nascadh** – idir cistiú Eorpach, náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil – chun a áirithiú go mbeidh na hionstraimí éagsúla le chéile leordhóthanach chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais tuaithe agus oiriúnaithe chun díriú ar réaltacht na dtairbhithe (tionscadail ar mionscála, acmhainneacht riaracháin theoranta, etc.). Is iad an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus an beartas comhtháthaithe (CFRE, CSE) na príomhfhoinsí maoiniúcháin ón Aontas le haghaidh athrú tuaithe, ach is féidir ról a bheith ag roinnt cistí eile (cistí athléimneachta agus téarnaimh) agus roinnt cláir eile (e.g. Erasmus, LIFE). Is féidir na sruthanna cistiúcháin sin a **chomhcheangal** freisin trí chuir chuige ilchiste chun tuilleadh deiseanna gníomhaíochta ar an láthair a chruthú fós,

**Coincheap Forbartha Tuaithe sa tSeicia**

Chomhcheangail an tSeicia cistí éagsúla an Aontais le haghaidh ceantair thuaithe in 2014-2020: chumhdaigh a 178 ngrúpa gníomhaíochta áitiúla tuaithe beagnach gach ceantar tuaithe sa tír, agus bhain siad leas as Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), as Ciste Sóisialta na hEorpa (CSE) agus as CETFT, agus ba as CFRE a tháinig an chuid is mó den chistiú. Bunaithe ar an taithí sin, dhear an tSeicia a Coincheap Forbartha Tuaithe in 2020 faoi mhaoirseacht na hAireachta Forbartha Réigiúnaí, inar cuireadh foinsí cistiúcháin éagsúla le chéile trí ionstraimí críochacha agus straitéisí a bhí sonrach, intomhaiste, indéanta, réalaíoch agus faoi cheangal ama.

Cuireadh tús le **Comhshocrú um an Tuath na Seice** le linn uachtaránacht na Seice ar an Aontas Eorpach. Tugann sé sin saoránaigh, údaráis áitiúla agus comhpháirtithe eile le chéile chun forbairt tuaithe a chur chun cinn sa tír.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil, féach anseo agus anseo.



Funded by the European Union

mar is amhlaidh an cás sa **tSeicia**. Is féidir le húdaráis bhainistíochta náisiúnta agus réigiúnacha rochtain ar chistiú a éascú do pháirtithe leasmhara tuaithe trí shruthanna cistiúcháin tiomnaithe a chur i bhfeidhm lena **ndíreofar ar cheantair thuaithe** agus trí rialacha simplí soláimhsithe a dhearadh maidir le cur i bhfeidhm, incháilitheacht agus tuairisciú ar fud na gcistí éagsúla. Rinne an **tSualainn** amhlaidh, mar shampla, le linn na tréimhse 2014-2020, agus tháinig an cistiú forbartha áitiúla uile faoi stiúir an phobail le haghaidh ceantair thuaithe ó cheithre chiste AE (CETFT, CFRE, CSE agus CEMI) arna mbainistiú ag údarás aonair agus arna gcur chun feidhme trí shraith chomhchuibhithe rialacha.

Réiteach eile is ea ionad ilfhreastail chun tacú le bardais tuaithe, gnólachtaí agus ENRanna rochtain a fháil ar chistiú poiblí, a bhunaítear ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach nó náisiúnta. I roinnt Ballstát (mar shampla, i réigiún na Tioróile san **Ostair**) leagtar an ról sin ar ghrúpaí gníomhaíochta áitiúla LEADER.



Funded by the European Union